



## Preasráiteas

Lucsamburg, 13 Márta 2023

# Caiteachas comhtháthaithe agus talmhaíochta an Aontais: tá bearnaí sna bearta chun coinbhleachtaí leasa a bhrath, a réiteach agus a thuairisciú

- *Níl forléargas ar bith ann ó thaobh cá mhéad d'airgead an Aontais a mbaineann an tsaincheist seo leis*
- *Níl dóthain bearta fós ann chun feabhas a chur ar thrédhearcacht agus chun cosaint a thabhairt do sceithirí*

Cé go bhfuil creat ann chun coinbhleachtaí leasa i gcaiteachas an Aontais a chosc agus a bhainistiú, tá lúba ar lár ann ó thaobh thrédhearcacht a chur chun cinn agus ó thaobh cásanna de riosca a bhrath. Seo é atá tagtha chun solais i dtuarascáil nua ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, a bhreathnaigh go sonrath ar an gcaoi a dtugtar aghaidh ar an tsaincheist seo sa bheartas talmhaíochta agus sa bheartas comhtháthaithe – na réimsí caiteachais is mó san Aontas Eorpach.

*“I bhfianaise na reachtaíochta athbhreithnithe agus i bhfianaise cásanna a bhí ann le déanaí, theastaigh uainn a fhíorú an raibh an Coimisiún Eorpach agus na Ballstáit ag tabhairt aghaidh go leormhaith ar choinbhleachtaí leasa sa Chomhbheartas Talmhaíochta agus sa bheartas comhtháthaithe,” arsa Pietro Russo, an Comhalta den Chúirt a stiúir an t-iniúchadh. “Fuaireamar go raibh dícheall á dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist seo, ach go bhfuil bearnaí fós ann. Ba cheart go gcuirfí feabhas ar thuairisciú na gcásanna, rud a thabharfadh forléargas soiléir ar na suimeanna airgead a raibh coinbhleachtaí leasa i gceist leo.”*

De réir rialacha an Aontais Eorpaigh, caithfidh gach duine atá bainteach le cistí ón Aontas a bhainistiú (ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta) aon choinbhleacht leasa atá ag teacht ó choibhneas polaitiúil nó náisiúnta, ó leas eacnamaíoch nó ó aon leas pearsanta díreach nó indíreach eile a sheachaint. Nuair is cosúil go bhfuil coinbhleacht leasa ann nó nuair a tharlaíonn coinbhleacht leasa, ní foláir don údarás ábhartha a chinntiú go stopann an duine lena mbaineann de gach gníomhaíocht a bhaineann leis an gceist sin.

Ar an leibhéal náisiúnta, is féindearbhuithe an modh is coitianta a úsáidtear chun cásanna den sórt sin a chosc agus a bhainistiú. Ní bhíonn dearbhuithe iontaofa i gcónaí, áfach, agus amanna d'fhéadfadh sé a bheith deacair an fhaisnéis a chros-seiceáil mar nach bhfuil acmhainneacht

*Is é is cuspóir don phreasráiteas seo ná príomhtheachtaireachtaí na Tuarascála speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a chur in iúl. Tá an tuarascáil iomlán ar fáil ag [eca.europa.eu](https://eca.europa.eu).*

## ECA Press

12, rue Alcide De Gasperi – L-1615 Luxembourg

E: [press@eca.europa.eu](mailto:press@eca.europa.eu) @EUAuditors [eca.europa.eu](https://eca.europa.eu)

riaracháin leordhóthanach ann, mar gheall ar rialacha cosanta sonraí agus mar gheall ar dheacrachtaí ginearálta a bhaineann le trédhearcacht iomlán a bhaint amach. Fuair na hiniúcháirí, i gcás na dtíortha a scrúdaigh siad (an Ghearmáin, an Ungáir, Málta agus an Rómáin), nach raibh féindearbhuithe éigeantach do chomhaltaí an rialtais a raibh lámh acu i gcinnteoireacht ar chlár an Aontais agus ar leithdháileadh na gcistí a bhaineann leis sin, cé go bhfuil sé sin leagtha síos mar cheanglas sna rialacháin ó 2018. Bíonn dearbhuithe in úsáid go forleathan ar leibhéal an Aontais Eorpaigh freisin, agus déantar roinnt seiceálacha – go háirithe i gcás feidhmeanna íogaire. Ach tá rud ann ar a dtugtar ‘doirse imrothlacha’ (nuair a bhogann daoine den fhoireann ó róil phoiblí go dtí róil sa réimse céanna san earnáil phríobháideach), agus is dual dó sin riosca de choinbhleachtaí leasa a chruthú. Sin é an fáth go bhfeictear do na hiniúcháirí go bhfuil gá le bainistiú níos gníomhaí a dhéanamh ar na cásanna sin.

Dar leis na hiniúcháirí, cuireann na húdaráis náisiúnta béim mhór ar choinbhleachtaí leasa a bhrath sa phróiseas soláthair phoiblí, ach ní bhíonn a ndóthain aird i gcónaí acu ar bhratacha dearga áirithe, ar nós go leor nósanna imeachta a bheith ann nach bhfuil iomaíocht chuí i gceist leo (i.e. conarthaí a dhéantar a chaibidlíú d’uireasa tairiscintí iomaíocha nó iarratasóirí a bheith nasctha le geallsealbhóirí eile atá páirteach i dtionscadail atá ag fáil cistiú ón Aontas). Tugann na hiniúcháirí ar aire freisin nach bhfuil bearta fós ann le haghaidh sceithirí, agus go bhfuil moill ar go leor de na Ballstáit ó thaobh na rialacha chun cosaint a thabhairt do dhaoine a thuiriscíonn sárúithe ar dhlí an Aontais a thabhairt isteach sa reachtaíocht náisiúnta.

Níl aon fhaisnéis faoi na tairbhíthe deiridh atá taobh thiar de dhaoine dlítheanacha ar fáil faoi láthair i bhfoinsí atá ar fáil don phobal (naisc chuig suíomhanna gréasáin náisiúnta agus réigiúnacha ina liostaítear tairbhíthe de chistiú talmhaíochta agus comhtháthaithe an Aontais, ardán ar líne Kohesio an Choimisiúin), agus cuireann sé sin teorainn le grinnscrúdú poiblí. Sa chlárthréimhse nua don chomhtháthú (2021-2027), beidh foilsiú na faisnéise sin éigeantach i gcórais bhainistithe agus rialaithe thíortha an Aontais. Amhail ó 2023, beidh ar thairbhíthe de chistiú talmhaíochta faisnéis a sholáthar i dtaobh grúpaí de chuideachtaí a bhfuil siad páirteach iontu.

Tugann na hiniúcháirí ar aire freisin, nach bhfuil aon fhaisnéis atá ar fáil go poiblí ann faoi cé chomh forleitheadach atá coinbhleachtaí leasa sa bhainistíocht chomhroinnte ar chaiteachas ón Aontas, agus nach bhfuil táscairí ar bith ann a thomhaiseann minicíocht ná méid na saincheiste sin. Ní dhéantar gach neamhrialtacht a thuirisciú, mar shampla nuair a bhíonn an méid atá i gceist níos lú ná €10 000 nó nuair a bhíonn siad braite agus ceartaithe ar an leibhéal náisiúnta sula ndéantar an t-airgead a iarraidh ar an gCoimisiún.

### **Faisnéis chúlra**

Tagann beagnach leath de chaiteachas an Aontais faoi bhainistíocht chomhroinnte ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit. Áirítear ansin an dá chiste talmhaíochta – an Ciste Eorpach um Rátháíocht Talmhaíochta (CERT) agus an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) – agus na trí príomhchiste comhtháthaithe: Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE) agus an Ciste Comhtháthaithe (CC). Faoin mbainistíocht chomhroinnte, is leis an gCoimisiún a fhanann an fhreagracht fhoriomlán as cur chun feidhme an bhuiséid cé go mbíonn ar na Ballstáit bearta éifeachtacha agus comhréireacha a dhéanamh chun neamhrialtachtaí a chosc, a bhrath agus a cheartú, agus is ar na húdaráis náisiúnta go príomha atá an fhreagracht as na neamhrialtachtaí sin a shainaitheint agus aghaidh a thabhairt orthu ar leibhéal an tairbhí.

Tá Tuarascáil speisialta 06/2023: *'Coinbhleacht leasa i gcaiteachas comhtháthaithe agus talmhaíochta AE – Tá creat i bhfeidhm, ach tá bearnaí sna bearta trédhearcachta agus braite'* ar fáil ar [shuíomh gréasáin na Cúirte](#).

### **Teagmháil don phreas**

Preasoifig CIE: [press@eca.europa.eu](mailto:press@eca.europa.eu)

- Claudia Spiti: [claudia.spiti@eca.europa.eu](mailto:claudia.spiti@eca.europa.eu) – Fón póca: (+352) 691 553 547
- Damijan Fišer: [damijan.fiser@eca.europa.eu](mailto:damijan.fiser@eca.europa.eu) – Fón póca: (+352) 621 552 224
- Vincent Bourgeois: [vincent.bourgeois@eca.europa.eu](mailto:vincent.bourgeois@eca.europa.eu) – Fón póca: (+352) 691 551 502